



BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Tríú Dlísheomra)

12 Deireadh Fómhair 2023*

[Ceartaíodh an téacs le hordú an 9 Eanáir 2024]

(Tarchur chun réamhrialú – Comhar breithiúnach in ábhair shibhialta – An dlí náisiúnta is infheidhme in ábhair chomharbais – Rialachán (AE) Uimh. 650/2012 – Airteagal 22 – Clásal maidir le rogha dlí – Raon feidhme *ratione personae* – Náisiúnach tríú tír – Airteagal 75 – An gaol le coinbhinsiúin idirnáisiúnta atá ann cheana – Comhaontú déthaobhach idir Poblacht na Polainne agus an Úcráin)

I gCás C-21/22,

[Mar a ceartaíodh le hordú an 9 Eanáir 2024] IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ó Sąd Okręgowy w Opolu (an Chúirt Réigiúnach, Opole, an Pholainn), trí bhreith an 10 Nollaig 2021, a fuarthas ag an gCúirt an 7 Eanáir 2022, sna himeachtaí

OP

idiragraí:

Notariusz Justyna Gawlica,

tugann AN CHÚIRT (an Tríú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas, K. Jürimäe, Uachtarán an Dlísheomra, N. Piçarra, M. Safjan, N. Jääskinen (Rapóirtéir) agus M. Gavalec, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: M. Campos Sánchez-Bordona,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

- Notariusz Justyna Gawlica, ag M. Margoński, zastępca notarialny,
- Rialtas na Polainne, ag M. B. Majczyna agus S. Żyrek, i gcáil Gníomhairí,
- Rialtas na Spáinne, ag M.J. Ruiz Sánchez, i gcáil Gníomhaire,

* Teanga an cháis: an Pholainnis.

- Rialtas na hUngáire, ag Zs. Biró-Tóth agus M.Z. Fehér, i gcáil Gníomhairí,
- an Coimisiún Eorpach, ag S.L. Kalèda agus W. Wils, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ginearálta ag éisteacht an 23 Márta 2023,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

- 1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Airteagail 22 agus 75 de Rialachán (AE) Uimh. 650/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, aithint agus forfheidhmiú cinntí agus glacadh le hionstraimí barántúla agus iad a fhorfheidhmiú in ábhair chomharbais agus maidir le Deimhniú Eorpach Comharbais a chruthú (IO 2012 L 201, lch. 107).
- 2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir OP, náisiúnach de chuid na hÚcráine a bhfuil cónaí air sa Pholainn, áit a bhfuil sí ina comhúinéir ar mhaoin dhochorraithe, agus leas-nótaire Notariusz Justyna Gawlica (Justyna Gawlica, nótaire) a bhfuil oifig nótaire aici in Krapkowice ('an leas-nótaire'), maidir le diúltú an nótaire uacht nótaireachta a tharraingt suas ina mbeadh clásal comharbais faoina mbeadh dlí na hÚcráine an dlí is infheidhme maidir le comharbas OP.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

- 3 Sonraítear in aithrisí 7, 37, 38, 57 agus 59 de Rialachán Uimh. 650/2012:
 - '(7) Ba chóir oibriú ceart an mhargaidh inmheánaigh a éascú trí na baic ar shaorghluaiseacht daoine a bhfuil deacrachtaí acu faoi láthair a gcearta a fheidhmiú i gcomhthéacs comharbais a bhfuil impleachtaí trasteorann ag baint leis a dhíothú. Sa limistéar Eorpach ceartais, ní foláir do na saoránaigh a bheith in ann a gcomharbas a eagrú roimh ré. Ní foláir cearta na n-oidhrí agus na leagáidithe, cearta na ndaoine eile a bhfuil dlúthbhaint acu leis an duine éagtha chomh maith le cearta chreidiúnaithe an chomharbais a ráthú ar bhealach éifeachtach.
- [...]
- (37) Ionas go mbeadh na saoránaigh in ann leas a bhaint as buntáistí an mhargaidh inmheánaigh, le deimhneacht iomlán dhlíthiúil, ba cheart go gcuirfeadh an Rialachán seo ar an eolas iad roimh ré faoin dlí a bheadh infheidhme maidir lena gcomharbas. Ba cheart rialacha comhchuibhithe um easaontacht dlíthe a thabhairt isteach chun torthaí a thiocthadh salach ar a chéile a sheachaint. Ba cheart go n-áiritheofaí leis an bpríomhriail go rialófar an comharbas le dlí intuatha, a bhfuil dlúthbhaint aige leis. Ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla agus chun ilroinnt an chomharbais a sheachaint, ba cheart go rialódh an dlí sin an comharbas ina iomláine, is é sin le rá, an mhaoin uile is cuid den eastát, gan aird ar chineál na sócmhainní agus gan aird ar cibé an bhfuil na sócmhainní suite i mBallstát eile nó i dtríú Stát.

(38) Ba cheart, leis an Rialachán seo, go gcuirfí ar chumas na saoránach a gcomharbas a eagrú roimh ré, tríd an dlí is infheidhme maidir lena gcomharbas a roghnú. Ba cheart go mbeadh an rogha sin teoranta do dhlí an Stáit ina mbeidh náisiúntacht ag an duine sin ionas go n-áiritheofaí nasc idir an duine éagtha agus an dlí a roghnaíodh agus ionas nach roghnófaí dlí chun bac a chur ar ionchais dhlisteanacha na ndaoine a bheadh i dteideal scair fhorchoimeádta.

[...]

(57) D'fhéadfadh sé go n-eascródh cur i bhfeidhm dlí tríú Stát as na rialacha um easaontacht dlíthe a leagtar amach sa Rialachán seo. Sna cásanna sin, ba cheart aird a thabhairt ar rialacha dlí idirnáisiúnta phríobháidigh an Stáit sin. Má fhoráiltear leis na rialacha sin do *renvoi* chuig dlí Ballstáit nó chuig dlí tríú Stát a chuirfeadh a dhlí féin i bhfeidhm maidir leis an gcomharbas, ba cheart *renvoi* mar sin a ghlacadh chun comhsheasmhacht idirnáisiúnta a áirithiú. Ba cheart *renvoi* a eisiamh, áfach, i gcásanna ina ndearna an duine éagtha rogha dlí i bhfabhar dlí tríú Stát.

[...]

(59) I bhfianaise chuspóir ginearálta an Rialacháin seo, eadhon aitheantas frithpháirteach a thabhairt do na cinntí sin a thugtar sna Ballstáit maidir le hábhair chomharbais, beag beann ar na cinntí sin a bheith tugtha in imeachtaí conspóideacha nó neamhchonspóideacha, ba cheart go leagfaí síos leis an Rialachán seo rialacha maidir le haitheantas, le hin-fhorfheidhmitheacht agus le forfheidhmiú cinntí a bheadh comhchosúil le rialacha ionstraimí eile Aontais i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair shibhialta.'

4 Foráiltear le Mír 1 d'Airteagal 5 den Rialachán sin, dar teideal 'Comhaontú maidir le rogha cúirte':

'I gcás inar dlí Ballstáit é an dlí a roghnaigh an duine éagtha chun a chomharbas [nó a comharbas] a rialú de bhun Airteagal 22, féadfaidh na páirtithe lena mbaineann a chomhaontú go mbeidh dlínse eisiach ag cúirt nó ag cúirteanna an Bhallstáit sin chun rialú ar aon ábhar comharbais.'

5 Faoi Airteagal 6 den Rialachán sin, dar teideal 'Dlínse a dhiúltú i gcás dlí a bheith roghnaithe':

'I gcás gur dlí Ballstáit é an dlí a roghnaigh an duine éagtha chun a chomharbas [nó a comharbas] a rialú de bhun Airteagal 22, féadfaidh an chúirt ar tugadh na himeachtaí os a comhair de bhun Airteagal 4 nó Airteagal 10, an méid seo a leanas a dhéanamh:

[...]

6 Foráiltear le hAirteagal 12(1) den Rialachán:

'I gcás ina mbeidh sócmhainní atá suite i dtríú Stát in eastát an duine éagtha, féadfaidh an chúirt ar tugadh na himeachtaí os a comhair chun rialú a fháil ar an gcomharbas, arna iarraidh sin ag ceann de na páirtithe, a chinneadh nach rialóidh sí ar shócmhainn amháin nó níos mó de na sócmhainní sin más é a mbeifear ag súil leis nach n-aithneofar a cinneadh i ndáil leis na sócmhainní sin agus, i gcás inarb infheidhme, nach bhfógrófar é a bheith infhorfheidhmithe sa tríú Stát sin.'

- 7 Tá na focail seo a leanas in Airteagal 20 de Rialachán Uimh. 650/2012, dar teideal ‘Cur i bhfeidhm uilíoch’:
- ‘Déanfar aon dlí a shonraítear leis an Rialachán seo a chur i bhfeidhm cibé acu an dlí nó nach dlí de chuid Ballstáit é.’
- 8 Foráiltear le hAirteagal 21 den Rialachán sin, dar teideal ‘Riail ghinearálta’:
- ‘1. Mura bhforáiltear a mhalairt sa Rialachán seo, is é an dlí a bheidh infheidhme maidir leis an gcomharbas ina iomláine ná dlí an Stáit ina raibh gnáthchónaí ar an duine éagtha tráth a bháis [nó a báis].
- [...]’
- 9 Foráiltear le mír 1 d’Airteagal 22 den Rialachán sin, dar teideal ‘Rogha dlí’:
- ‘Féadfaidh duine a roghnú mar an dlí lena rialófar a chomharbas [nó a comharbas] ina iomláine dlí an Stáit a mbeidh a náisiúntacht aige [nó aici] tráth a ndéanfaidh sé an rogha nó tráth a éaga.
- [...]’
- 10 Foráiltear i mír 1 d’Airteagal 75 den Rialachán sin, dar teideal ‘Gaol le coinbhinsiúin idirnáisiúnta atá ann cheana féin’:
- ‘Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do chur i bhfeidhm coinbhinsiún idirnáisiúnta a mbeidh Ballstát amháin nó níos mó ina pháirtí nó ina bpáirtithe iontu an tráth a nglacfar an Rialachán seo agus a bhaineann le hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo.
- [...]’

Dlí na Polainne

- 11 Foráiltear le hAirteagal 37 de Chomhaontú an 24 Bealtaine 1993 idir Poblacht na Polainne agus an Úcráin maidir le cúnamh dlíthiúil agus caidreamh dlíthiúil in ábhair shibhialta agus choiriúla (‘an Comhaontú Déthaobhach’):
- ‘Beidh caidreamh dlíthiúil in ábhair a bhaineann le comharbas maoiné sochorraithe faoi rialú ag dlí an pháirtí chonarthaigh a raibh an duine éagtha ina náisiúnach de tráth a bháis nó a báis.
- Beidh caidreamh dlíthiúil in ábhair a bhaineann le comharbas maoiné dochorraithe faoi rialú ag dlí an pháirtí chonarthaigh a bhfuil an mhaoín sin suite ar a chríoch.
- Beidh aicmiú na maoiné is cuid den eastát mar mhaoín shochorraithe nó mar mhaoín dhochorraithe faoi rialú ag dlí an pháirtí chonarthaigh sa chríoch ina bhfuil an mhaoín suite.’

Na díospóidí sna príomhimeachtaí agus na ceistanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

- 12 Is náisiúnach de chuid na hÚcráine í OP a bhfuil cónaí uirthi sa Pholainn áit a bhfuil sí ina comhúinéir ar mhaoín dhochorraithe. D’iarr sí ar an leas-nótaire uacht nótaire a tharraingt suas ina mbeadh clásal faoina mbeadh dlí na hÚcráine an dlí is infheidhme maidir lena comharbas.

- 13 Dhiúltaigh an leas-nótaire sin gníomh den sórt sin a tharraingt suas, ag tabhairt dhá phríomhchúise. Ar an gcéad dul síos, le hAirteagal 22 de Rialachán Uimh. 650/2012, arna léamh i bhfianaise aithris 38 de, ní thugtar an ceart do náisiúnaigh de chuid Bhallstáit an Aontais Eorpaigh ach an dlí is infheidhme a roghnú amháin. Ar an dara dul síos, foráiltear le hAirteagal 37 den Chomhaontú Déthaobhach, a mbeidh tosaíocht aige in aon chás ar an Rialachán sin, gurb é an dlí is infheidhme in ábhair chomharbais dlí an Stáit a bhfuil a náisiúntacht ag an duine éagtha i gcás maoine sochorraithe, agus dlí an Stáit ina bhfuil an mhaoín suite i gcás maoine dochorraithe. Chinn an leas-nótaire mar sin gurb é dlí na Polainne an dlí is infheidhme maidir le comharbas OP i ndáil leis an maoín dhochorraithe atá sí ina húinéir di sa Pholainn.
- 14 Thionscain OP caingean os comhair Sąd Okręgowy w Opolu (An Chúirt Réigiúnach, Opole, an Pholainn), arb í an chúirt a rinne an tarchur, i gcoinne dhiúltú an leas-nótaire ar an bhforas go raibh an leas-nótaire ag brath ar mhíléamh Rialachán Uimh. 650/2012. Chuige sin, d'áitigh OP, go háirithe, go gceadaítear le hAirteagal 22 den Rialachán sin do 'dhuine' dlí a tíre nó a tíre a roghnú mar an dlí is infheidhme maidir lena chomharbas nó lena comharbas. Ina theannta sin, d'áitigh OP gurb é cuspóir Airteagal 75(1) de Rialachán Uimh. 650/2012 comhréireacht an Rialacháin sin leis na hoibleagáidí a eascraíonn as comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích ag na Ballstáit le tríú Stáit a chaomhnú. A mhéid nach rialaítear leis an gComhaontú Déthaobhach rogha an dlí comharbais, áitíonn OP nach bhfuil cur i bhfeidhm Airteagal 22 de Rialachán Uimh. 650/2012 ag luí leis an gcomhaontú sin.
- 15 Sna himthosca sin, chinn an Sąd Okręgowy w Opolu (an Chúirt Réigiúnach, Opole) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais i gcomhair réamhrialú:
- '(1) An gá Airteagal 22 de [Rialachán Uimh. 650/2012] a léiriú amhail is go bhfuil daoine nach saoránaigh den Aontas Eorpach i dteideal dlí a dtíre náisiúntachta a roghnú mar an dlí lena rialófar gach ábhar a bhaineann le comharbas?
- (2) An gá forálacha comhcheangailte Airteagail 75 agus 22 de Rialachán Uimh. 650/2021 a léiriú amhail is go gciallaítear leo, i gcás comhaontú déthaobhach idir Ballstát agus tríú tír nach rialaítear an rogha dlí is infheidhme leis maidir le cás a bhaineann le comharbas ach lena sonraítear an dlí is infheidhme sa chás sin, go bhféadfaidh náisiúnaigh den tríú [Stát] sin a chónaíonn i mBallstát atá faoi cheangal an chomhaontú dhéthaobhaigh sin an dlí is infheidhme a roghnú?'

An chéad cheist

- 16 Lena chéad cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, an gá Airteagal 22 de Rialachán Uimh. 650/2012 a léiriú sa chaoi a gciallaíonn go bhféadfaidh náisiúnach tríú tír a bhfuil cónaí air nó uirthi i mBallstát den Aontas Eorpach dlí an tríú Stát sin a roghnú mar an dlí lena rialaítear a chomharbas nó a comharbas ina iomláine.
- 17 Foráiltear le hAirteagal 22 de Rialachán Uimh. 650/2012 go bhféadfaidh 'duine a roghnú mar an dlí lena rialófar a chomharbas [nó a comharbas] ina iomláine dlí an Stáit a mbeidh a náisiúntacht aige [nó aici] tráth a ndéanfaidh sé an rogha nó tráth a éaga'.

- 18 Mar is léir óna foclaíocht, cuimsítear leis an bhforáil sin ‘duine’ ar bith, gan aon idirdhealú a dhéanamh idir náisiúnaigh de chuid Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus náisiúnaigh tríú tíortha. Is é an t-aon srian ar an tsaoirse rogha atá ar fáil do dhuine den sórt sin ná nach féidir leis nó léi ach dlí Stáit ar náisiúnach de nó í a roghnú, is cuma cé acu Ballstát den Aontas Eorpach nó nach Ballstát den Aontas Eorpach é an Stát sin.
- 19 Mar sin, ní féidir a mheas gurb iad saoránaigh an Aontais amháin a fhéadfaidh an tsaoirse rogha sin a bheith acu.
- 20 Tacaíonn forálacha eile de Rialachán Uimh. 650/2012 leis an léiriú litriúil sin a thagraíonn freisin do dhlí tríú Stáit nach Ballstát den Aontas Eorpach é.
- 21 Mar sin, ar an gcéad dul síos, foráiltear le hAirteagal 20 den Rialachán sin go mbeidh feidhm ag an dlí a ainmnítear leis an Rialachán sin cibé acu is dlí Ballstáit é nó nach é. Cé gur léir ó aithris 57 de Rialachán Uimh. 650/2012 go bhféadfadh cur i bhfeidhm dhlí tríú Stáit a bheith mar thoradh ar na rialacha um easaontacht dlíthe a leagtar amach sa Rialachán sin agus, i gcás den sórt sin, nach mór aird a thabhairt ar na rialacha *renvoi* arna leagan síos le dlí idirnáisiúnta príobháideach an Stáit sin, sonraítear go sainráite ann gur cheart an cineál sin *renvoi* a eisiamh ‘i gcás [go bhfuil] rogha dlí déanta ag an duine éagtha i bhfabhar dhlí tríú Stáit’.
- 22 Ar an dara dul síos, le hAirteagal 5 den Rialachán sin, cuirtear teorainn le comhaontuithe maidir le rogha cúirte don chás inar ‘dlí Ballstáit é an dlí a roghnaigh an duine éagtha chun a chomharbas [nó a comharbas] a rialú de bhun Airteagal 22 [den rialachán sin]’. Ar an gcaoi chéanna, rialaítear le hAirteagal 6 den Rialachán sin an meath ar dhlínse ‘i gcás inar dlí Ballstáit é an dlí a roghnaigh an duine éagtha chun a chomharbas [nó a comharbas] a rialú de bhun Airteagal 22’. Níl ciall le mionsonraí den sórt sin ach amháin má tá rogha ann seachas dlí Ballstáit. Mura dlí Ballstáit é, áfach, ní féidir leis a bheith ina dhlí ach do thríú Stát.
- 23 Ar an tríú dul síos, trína shonrú ‘[gur] cheart, leis an Rialachán seo, go gcuirfí ar chumas na saoránach a gcomharbas a eagrú roimh ré, tríd an dlí is infheidhme maidir lena gcomharbas a roghnú’, tagraíonn aithris 38 de Rialachán Uimh. 650/2012, ar bhealach cineálach, d’aon ‘saoránach’ agus ní hamháin do shaoránaigh an Aontais.
- 24 I bhfianaise na gcúiseanna go léir thuas, is é an freagra ar an gcéad cheist ná nach mór Airteagal 22 de Rialachán Uimh. 650/2012 a léiriú sa chaoi a gciallaíonn go bhféadfaidh náisiúnach tríú tír a bhfuil cónaí air nó uirthi i mBallstát den Aontas Eorpach dlí an tríú Stát sin a roghnú mar an dlí lena rialaítear a chomharbas nó a comharbas ina iomláine.

An dara ceist

- 25 Lena dara ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 75 de Rialachán Uimh. 650/2012, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 22 den Rialachán sin, a léiriú sa chaoi a gciallaíonn i gcás ina mbeidh Ballstát de chuid an Aontais Eorpaigh tar éis comhaontú déthaobhach a thabhairt i gcrích, roimh ghlacadh an Rialacháin sin, le tríú Stát ina n-ainmnítear an dlí is infheidhme maidir le comharbas agus nach bhforáiltear go sainráite leis don fhéidearthacht dlí eile a roghnú, go bhféadfaidh náisiúnach de chuid an tríú Stát sin, a bhfuil cónaí air nó uirthi sa Bhallstát i gceist, dlí an tríú Stát sin a roghnú chun a chomharbas nó a comharbas ina iomláine a rialú.

- 26 Chuige sin, leanann sé, go bunúsach, ó Airteagal 75(1) de Rialachán Uimh. 650/2012 nach féidir le cur i bhfeidhm an rialacháin sin difear a dhéanamh do chur i bhfeidhm coinbhinsiún idirnáisiúnta a bhfuil Ballstát amháin nó níos mó ina bpáirtithe, ar choinníoll, ar an gcéad dul síos, go raibh an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann cheana féin ina bpáirtithe sa choinbhinsiún idirnáisiúnta atá i gceist tráth glactha Rialachán Uimh. 650/2012 agus, ar an dara síos, go mbaineann an coinbhinsiún sin le hábhair arna rialú ag an rialachán sin. Is léir ó chásdlí na Cúirte, i gcás ina bhforálann reachtóir an Aontais ‘nach ndéanfaidh [cur i bhfeidhm rialacháin] difear’ do na coinbhinsiúin idirnáisiúnta atá ann cheana, go mbeidh feidhm ag na coinbhinsiúin sin i gcás rialacha comhthráthacha a bheith ann le rialachán den sórt sin (féach, de réir analaí, breithiúnas an 4 Bealtaine 2010, *TNT Express Nederland*, C-533/08, EU:C:2010:243, mír 46).
- 27 Dá bhrí sin, i gcás ina bhfuil Ballstát ina pháirtí i gcomhaontú déthaobhach arna thabhairt i gcrích le tríú Stát roimh theacht i bhfeidhm do Rialachán Uimh. 650/2012 agus go bhfuil forálacha sa chomhaontú déthaobhach sin lena leagtar síos rialacha is infheidhme maidir le comharbas, is iad na forálacha sin a bhfuil sé beartaithe, i bprionsabal, go mbeadh feidhm acu agus ní na forálacha sin dá bhforáiltear i Rialachán Uimh. 650/2012 chuige sin.
- 28 Ina theannta sin, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 29 agus i mír 30 dá Thuairim, ní foráil ar leith é Airteagal 75 de Rialachán Uimh. 650/2012 in ionstraimí an Aontais maidir le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus tráchtála. Rialaítear le go leor rialachán agus coinbhinsiúin eile caidreamh idir daoine aonair sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais Eorpach agus áirítear leo forálacha a leanann loighic atá cosúil le loighic Airteagal 75 de Rialachán Uimh. 650/2012.
- 29 Sa chomhthéacs sin, chinn an Chúirt nach féidir raon feidhme a bheith ag an airteagal lena rialaítear, laistigh den ghníomh dlíthiúil AE atá i gceist, an caidreamh idir an gníomh sin agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta atá contrártha leis na prionsabail is bun leis an reachtaíocht ar cuid di é (féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Bealtaine 2010, *TNT Express Nederland*, C-533/08, EU:C:2010:243, mír 51).
- 30 Sa chás seo, is é is aidhm do Rialachán Uimh. 650/2012, mar is léir, go bunúsach, ó aithrisí 7 agus 59 de, deireadh a chur leis na constaicí ar shaorghluaiseacht daoine a bhféadfadh deacrachtaí a bheith acu a gcearta a dhearbhu i gcomhthéacs comharbais a bhfuil impleachtaí trasteorann aige, go háirithe trí rialacha a leagan síos maidir le dlínse agus an dlí is infheidhme san ábhar, agus maidir le haitheantas agus forfheidhmiú, i mBallstát, de bhreithiúnais agus gníomhartha na mBallstát eile.
- 31 Chuige sin, bunaítear le hAirteagal 21 den Rialachán sin, faoin gceannteideal ‘Riail ghinearálta’, fachtóir nasctha réamhshocraithe a chinntear trí thagairt a dhéanamh do ghnáthchónaí an duine éagtha tráth an bháis. I bhfianaise struchtúr an Rialacháin sin, ní mór an fhéidearthacht dlí an Stáit ar náisiúnach an duine éagtha de a roghnú, arna rialú ag Airteagal 22 den Rialachán sin, a mheas mar mhaolú ar an riail ghinearálta atá leagtha síos in Airteagal 21 den Rialachán sin.
- 32 Ina theannta sin, is fachtóirí nasctha oibiachtúla iad an gnáthchónaí agus an náisiúntacht a rannchuidíonn araon leis an aidhm de dheimhneacht dhlíthiúil do na páirtithe sna himeachtaí comharbais arna saothrú le Rialachán Uimh. 650/2012, mar is léir ó aithris 37 de.

- 33 Leanann sé ó na breithnithe thuas nach féidir breathnú ar an bhféidearthacht an dlí is infheidhme maidir lena chomharbas nó lena comharbas a roghnú mar phrionsabal is bun le Rialachán Uimh. 650/2012, agus, dá bhrí sin, comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus tráchtála laistigh den Aontas Eorpach ar ionstraim é.
- 34 Is fíor gur chinn an Chúirt go bhfuil cuspóir ginearálta an Rialacháin sin, a fhéachann le haitheantas frithpháirteach do chinntí a thugtar sna Ballstáit in ábhair chomharbais a áirithiú, nasctha le prionsabal an eastáit aonair (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Meitheamh 2018, *Oberle*, C-20/17, EU:C:2018:485, míreanna 53 agus 54). Ní prionsabal absalóideach é an prionsabal sin, áfach (féach, chuige sin, breithiúnas an 16 Iúil 2020, *E. E. (Dlínse agus an dlí is infheidhme maidir le comharbas)*, C-80/19, EU:C:2020:569, mír 69).
- 35 Chuige sin, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 71 dá Thuairim, tugtar isteach go sainráite le hAirteagal 12(1) den Rialachán sin maolú ar an bprionsabal sin trína cheadú don chúirt a bhfuil dlínse aici gan rialú a dhéanamh ar mhaoín atá lonnaithe i dtríú Stáit, ar eagla nach n-aithneofar an breithiúnas nó nach bhfógrófar é infhorfheidhmithe sna tríú Stáit sin.
- 36 Dá bhrí sin bhí sé beartaithe go sainráite ag reachtóir an Aontais cloí, i gcásanna sonracha áirithe, leis an tsamhail scoilte comharbais a d'fhéadfaí a chur chun feidhme i gcaidreamh le tríú Stáit áirithe.
- 37 Dá bhrí sin, ní mór a chinneadh nach gcuirtear bac le scéim Rialachán Uimh. 650/2012 ar staid, faoi chomhaontú déthaobhach arna thabhairt i gcrích idir Ballstát agus tríú Stát sular glacadh an Rialachán sin agus i bhfianaise na heisceachta atá leagtha síos in Airteagal 75(1) den Rialachán sin, nach bhfuil an rogha ag náisiúnach tríú tír a bhfuil cónaí air sa Bhallstát atá faoi cheangal ag an gcomhaontú déthaobhach sin an dlí is infheidhme a roghnú maidir lena chomharbas nó lena comharbas. Ina theannta sin, tá an cinneadh sin comhsheasmhach leis an bprionsabal atá leagtha síos sa chéad mhír d'Airteagal 351 CFAE, maidir le héifeacht comhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích ag na Ballstáit roimh a n-aontachas leis an Aontas Eorpach.
- 38 I bhfianaise na gcúiseanna go léir thuas, is é an freagra ar an dara ceist nach mór Airteagal 75 de Rialachán Uimh. 650/2012, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 22 den Rialachán sin, a léiriú sa chaoi a gciallaíonn nach gcuirtear cosc – i gcás ina mbeidh Ballstát de chuid an Aontais Eorpaigh tar éis comhaontú déthaobhach a thabhairt i gcrích, roimh ghlacadh an Rialacháin sin, le tríú Stát ina n-ainmnítear an dlí is infheidhme maidir le comharbas agus nach bhforáiltear go sainráite leis don fhéidearthacht dlí eile a roghnú – ar náisiúnach de chuid an tríú Stát sin, a bhfuil cónaí air nó uirthi sa Bhallstát lena mbaineann, ó gan bheith in ann dlí an tríú Stát sin a roghnú chun a chomharbas nó a comharbas ina iomláine a rialú.

Costais

- 39 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte náisiúnta, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Tríú Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. Maidir le hAirteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 650/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, aithint agus forfheidhmiú cinntí agus glacadh le hionstraimí barántúla agus iad a fhorfheidhmiú in ábhair chomharbais agus maidir le Deimhniú Eorpach Comharbais a chruthú,

ní mór a léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

d'fhéadfadh náisiúnach tríú tír a bhfuil cónaí air nó uirthi i mBallstát den Aontas Eorpach dlí an tríú Stát sin a roghnú mar an dlí lena rialaítear a chomharbas nó a comharbas ina iomláine.

2. Maidir le hAirteagal 75 de Rialachán Uimh. 650/2012, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 22 den Rialachán sin,

ní mór a léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní chuirtear cosc – i gcás ina mbeidh Ballstát de chuid an Aontais Eorpaigh tar éis comhaontú déthaobhach a thabhairt i gcrích, roimh ghlacadh an Rialacháin sin, le tríú Stát ina n-ainmnítear an dlí is infheidhme maidir le comharbas agus nach bhforáiltear go sainráite leis don fhéidearthacht dlí eile a roghnú – ar náisiúnach de chuid an tríú Stát sin, a bhfuil cónaí air nó uirthi sa Bhallstát lena mbaineann, ó gan bheith in ann dlí an tríú Stát sin a roghnú chun a chomharbas nó a comharbas ina iomláine a rialú.

[Sínithe]